ISSN 1831-0648

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2011

## Achoimre Feidhmiúcháin



An Maoirseoir Eorpach
ar Chosaint Sonraí

# Tuarascáil Bhliantúil 2011

## Achoimre Feidhmiúcháin



**Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach**

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha 00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

Tá nóta leabhareolach le fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2012

ISBN 978-92-95076-46-4
doi:10.2804/41581

© An tAontas Eorpach, 2012
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

# RÉAMHRÁ

Is í seo Achoimre Feidhmiúcháin Thuarascáil Bhliantúil 2011 an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS). Clúdaíonn an tuarascáil an bhliain 2011, an seachtú bliain de ghníomhaíocht ag an MECS mar údarás maoirseachta neamhspleách nua, atá freagrach as a áirithiú go n-urramóidh institiúidí agus comhlachtaí an AE cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha, agus go háirithe a bpríobháideacht, i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Clúdaíonn sí freisin an tríú bliain den sainordú comhchoiteann cúig bliana de chuid Peter Hustinx, Maoirseoir, agus Giovanni Buttarelli, Maoirseoir Cúnta.

Is ionann príomhghníomhaíochtaí an MECS, mar a leagtar síos iad i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001[1] (an Rialachán), agus:

- monatóireacht a dhéanamh agus a áirithiú go gcomhlíontar forálacha an Rialacháin nuair a phróiseálann institiúidí agus comhlachtaí an AE sonraí pearsanta (**maoirseacht**);
- comhairle a thabhairt d'institiúidí agus do chomhlachtaí an AE maidir leis na hábhair uile a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Áirítear leis seo comhairliúchán ar thograí le haghaidh reachtaíochta mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí nua a mbíonn tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta (**comhairliúchán**);
- dul i gcomhar le húdaráis náisiúnta mhaoirseachta agus le comhlachtaí maoirseachta in iar-thríú colún an AE d'fhonn comhsheasmhacht a fheabhsú i ndáil le cosaint sonraí pearsanta **(comhar**).

Le linn 2011, leag an MECS síos tagarmharcanna nua i réimsí éagsúla gníomhaíochta. Sa mhaoirseacht ar institiúidí agus ar chomhlachtaí AE, le linn sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil, d'idirghníomhaigh an MECS le níos mó oifigeach cosanta sonraí i níos mó institiúidí agus comhlachtaí seachas mar a rinneadh riamh roimhe sin. Ina theannta sin, ba léir torthaí a bheartais fhorghníomhaithe nua don MECS: tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag formhór na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí AE an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh, ach ba cheart do chuid eile iarracht níos fearr a dhéanamh.

Sa chomhairliúchán ar bhearta reachtacha nua, d'eisigh an MECS an líon ba mhó fós de thuairimí ar raon ábhar. Is é an tAthbhreithniú ar chreat dlíthiúil an AE maidir le cosaint sonraí an ceann is suntasaí díobh, agus tá sé sin ard ar an liosta fós. Bhí tionchar, áfach, ag cur chun feidhme chlár Stócólm i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais agus ag an gClár Oibre Digiteach, ós gurb é sin bunchloch na straitéise, Eoraip 2020, ar chosaint sonraí chomh maith. Is féidir an rud céanna a rá freisin i dtaobh saincheisteanna sa mhargadh inmheánach, sláinte phoiblí agus gnóthaí tomhaltóirí, agus forghníomhú sa chomhthéacs trasteorann.

Ag an am céanna, mhéadaigh an MECS ar an gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile agus chuir sé tuilleadh feabhais ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a eagraíochta.

[1] Rialachán (CE) Uimh 45/2001 an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus i ndáil le saorghluaiseacht sonraí den sórt, OJ L 8, 12.1.2001, lch.1.

# TORTHAÍ I 2011

Leagadh amach na príomhchuspóirí seo a leanas in 2010. Cuireadh formhór na gcuspóirí sin i gcrích go hiomlán nó go páirteach in 2011. Maidir le roinnt cásanna, leanfar leis an obair in 2012.

- Feasacht a Ardú

Chaith an MECS am agus acmhainní le cleachtaí múscailte feasachta d'institiúidí agus do chomhlachtaí an AE agus do na hOCSanna. Rinneadh é seo i bhfoirm treorach téamaí go háirithe sna réimsí a bhaineann le nósanna imeachta frithchiaptha agus le meastóireacht foirne, mar aon le ceardlanna ar chosaint sonraí d'OCSanna nó do rialaitheoirí.

- Ról na réamhsheiceála

I 2011, fuair an MECS 164 fógra le haghaidh réamhsheiceála, an dara líon ba mhó riamh. Cuairteanna ar ghníomhaireachtaí, cigireachtaí ar an láthair agus treoir théamach a bheith eisithe ba chúis go príomha leis an ardú seo. Chuir na fógraí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí nuabhunaithe leis an ardú seo freisin. Lean an MECS ar aghaidh agus béim láidir á leagan aige ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh sna tuairimí réamhsheiceála.

- Cleachtaí monatóireachta agus tuairiscithe

Sheol an MECS a thríú cleachtadh breithnithe agus rinneadh monatóireacht ar chomhlíonadh na rialacha cosanta sonraí (Suirbhé 2011). I dteannta an chleachtaidh ghinearálta sin, rinneadh cleachtaí monatóireachta spriocdhírithe i gcásanna ar tharla sé, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí maoirseachta, go raibh cúis ag an MECS a bheith i gcás faoi leibhéal an chomhlíonta in institiúidí nó i gcomhlachtaí sonracha. Bhí roinnt acu seo bunaithe ar chomhfhreagras, agus cuairteanna aon lae ar an gcomhlacht ábhartha ba ea roinnt eile, agus é d'aidhm leo aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sa chomhlíonadh.

- Cigireachtaí

Uirlis ríthábhachtach is ea na cigireachtaí a chuireann ar chumas an MECS monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin agus é sin a áirithiú. I 2011, sheol an MECS ceithre chigireacht agus choinnigh sé air ag leanúint de na moltaí a rinneadh i gcigireachtaí roimhe sin. Rinneadh iniúchóireacht slándála ar an gCóras Faisnéise Víosaí (CFV) freisin.

- Scóip an chomhairliúcháin

Bhí níos mó de thoradh ar obair an MECS anseo freisin mar gur eisigh sé 24 tuairim agus 12 sraith de bharúlacha foirmiúla, an líon ab airde fós. I gcásanna go leor, bhí an Coimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an MECS sular glacadh a thograí, rud a d'fhág gur eisíodh 41 sraith de bharúlacha neamhfhoirmiúla. I dtaca lena lán de na tuairimí, rinneadh cur i láthair ina ndiaidh i gCoiste LIBE de Pharlaimint na hEorpa nó sna Meithleacha ábhartha sa Chomhairle. Roghnaíodh na tograí ar foilsíodh tuairimí lena n-aghaidh as fardal córasach d'ábhair agus de thosaíochtaí ábhartha don MECS. Tá na tuairimí, na barúlacha foirmiúla agus an fardal foilsithe ar láithreán gréasáin an MECS.

- Athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil maidir le cosaint sonraí

D'eisigh an MECS tuairim ar an Teachtaireacht ón gCoimisiúin maidir le cur chuige cuimsitheach maidir le cosaint sonraí pearsanta, mar aon le barúlacha neamhfhoirmiúla ar na tograí reachtacha. Lean sé an próiseas go dlúth agus bhí ionchur aige ann nuair ba ghá agus ab iomchuí.

- Cur chun feidhme Chlár Stócólm

Lean an MECS go dlúth na forbairtí beartais a bhain le Clár Stócólm agus d'eisigh sé tuairim ar an togra le haghaidh treorach maidir le húsáid Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun críocha forfheidhmithe dlí, mar aon le barúlacha foirmiúla ar an gClár Eorpach um Sceimhlitheoirí agus a Maoiniú a Rianú (TFTS) a thabhairt isteach. Cé nár eisíodh aon tograí reachtacha le haghaidh ábhar na dteorainneacha cliste, thug an MECS aghaidh ar an tsaincheist ina thuairim ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le himirce.

- Tionscnaimh i réimse na teicneolaíochta

D'eisigh an MECS a chéad tuairim ar thionscadal taighde arna chistiú ag an AE; déileáladh sa tionscadal le caom-

hnú na príobháideachta i gcur chun feidhme na bithmhéadrachta. I gcomhthéacs an Chláir Oibre Dhigitigh, d'fhoilsigh sé tuairim ar neodracht an Idirlín.

- Tionscnaimh eile

D'eisigh an MECS tuairimí agus barúlacha éagsúla ar thionscnaimh eile a raibh tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta, amhail Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus úsáid scanóirí slándála in aerfoirt.

- Comhar le húdaráis chosanta sonraí

Ghlac an MECS páirt ghníomhach in obair Mheitheal Airteagal 29 um Chosaint Sonraí, agus go mór mór sna foghrúpaí ar na príomhfhorálacha agus ar theorainneacha, taisteal agus forfheidhmiú an dlí.

- Maoirseacht chomhordaithe

Sholáthair an MECS rúnaíocht éifeachtach do na húdaráis chosanta sonraí a mbíonn baint acu le maoirseacht chomhordaithe a dhéanamh ar Eurodac agus ar an gCóras Eolais Custaim. Maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí, bhí an chéad mhalartú dearcthaí ag na húdaráis chosanta sonraí a raibh ionadaíocht acu ar an ngrúpa maoirseachta comhordaithe mar chuid de cheann de chruinnithe maoirseachta comhordaithe Eurodac, inar tugadh aghaidh ar na himpleachtaí a bhaineann leis an gcóras agus ar an gcur chuige i leith na maoirseachta.

- Eagrú inmheánach

Tar éis atheagrú na Rúnaíochta i 2010, bheartaigh an institiúid athbhreithniú straitéiseach ar a gníomhaíochtaí uile i 2011 a sheoladh, faoi stiúir an Tascfhórsa um an "Athbhreithniú Straitéiseach" ar a raibh an Stiúrthóir agus ionadaithe thar ceann na bhfoirne agus na ndisciplíní uile. Tugadh an chéad chuid den athbhreithniú chun críche le cruinniú inmheánach de chuid na hinstitiúide i nDeireadh Fómhair 2011, inar tugadh deis do bhaill agus don fhoireann machnamh ar a dtascanna, a luachanna agus a gcuspóirí.

- Bainistíocht acmhainne

Rinne an MECS, i gcomhar leis an bParlaimint, lánchuardach ar an margadh ag lorg soláthraithe Córais Bainistíochta Cáis agus roghnaigh siad an conraitheoir ag a raibh an táirge ab iomchuí. I ndeireadh na bliana 2011, síníodh conradh agus cuireadh tús leis an obair chun córas saincheaptha a fhorbairt. Le linn 2011, leanadh leis an obair a bhain leis an MECS a chomhtháthú le feidhmchláir TF i réimse na n-acmhainní daonna ar bhonn Comhaontuithe Seirbhíse: cuireadh Syslog Formation i bhfeidhm go rathúil, cuireadh tús leis an obair ar SysperII agus thángthas ar chomhaontú maidir le MIPS a thabhairt isteach i 2012.

## Roinnt figiúirí tábhachtacha MECS i 2011

→ **71 tuairim réamhsheiceála glactha, 6 thuairim gan réamhsheiceáil**

→ **107 gearán faighte, 26 inghlactha** Príomhchineálacha sáruithe líomhnaithe: sárú ar rúndacht sonraí, bailiúchán iomarcach sonraí nó úsáid mhídhleathach sonraí ag an rialtóir

→ **34 comhairliúchán ar bhearta riaracháin.** Tugadh comhairle ar réimse leathan de ghnéithe dlíthiúla a bhain le próiseáil sonraí pearsanta a sheol institiúidí agus comhlachtaí an AE

→ **4 chigireacht ar an láthair curtha i gcrích**

→ **2 cheann de threoirlínte foilsithe** ar nósanna imeachta frithchiaptha agus ar mheastóireacht foirne

→ **24 tuairim reachtach eisithe** orthu seo, i measc ábhar eile, tionscnaimh a bhaineann le Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais, forbairtí teicneolaíochta, comhar idirnáisiúnta, aistrithe sonraí, nó an margadh inmheánach.

→ **12 sraith de bharúlacha foirmiúla eisithe** orthu seo, i measc ábhar eile, cearta maoine intleachtúla, slándáil eitlíochta, beartas coiriúil an AE, an Córas um Sceimhlitheoirí agus a Maoiniú a Rianú, éifeachtúlacht fuinnimh, nó an Clár um Chearta agus um Shaoránacht.

→ **41 sraith de thuairimí neamhfhoirmiúla**

→ **14 comhghleacaí nua earcaithe**

# MAOIRSEACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ

*Ceann de phríomhróil an MECS is ea maoirseacht a dhéanamh ar bhealach neamhspleách ar oibríochtaí próiseála a dhéanann institiúidí nó comhlachtaí Eorpacha. Is ionann an creat dlíthiúil agus an Rialachán um Chosaint Sonraí (CE) Uimh. 45/2001, a bhunaíonn líon áirithe dualgas dóibh siúd a phróiseálann sonraí, mar aon le líon áirithe ceart dóibh siúd a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil.*

*Tá ó chomhairle agus tacaíocht a thabhairt d'oifigigh chosanta sonraí go réamhsheiceáil ar oibríochtaí rioscúla sa phróiseáil sonraí, go fiosrúcháin a sheoladh, lena n-áirítear cigireachtaí ar an láthair agus gearáin a phróiseáil ar na tascanna maoirseachta a bhíonn i gceist. Tharlódh gur chomhairliúcháin ar bhearta riaracháin nó treoirlínte téamacha a fhoilsiú a bheadh i gcomhairle bhreise a thabharfaí do riarachán an AE.*

## Oifigigh Chosanta Sonraí

Ní mór do gach institiúid agus comhlacht AE **oifigeach cosanta sonraí** (OCS) amháin ar a laghad a bheith aici nó aige. Sa bhliain 2011, ba 54 líon iomlán na nOCSanna. Chun an mhaoirseacht a bheith éifeachtach is gá idirghníomhú go rialta leo agus lena líonra. D'oibrigh an MECS go dlúth leis an 'gceathairéad OSCanna' ar a bhfuil ceathrar OSC (ón gComhairle, Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia) a chomhordaíonn líonra na nOSCanna. Deis is ea cruinnithe líonra na nOSCanna, ar a bhfreastalaíonn an MECS, chun tuairiscí nuashonraithe a thabhairt ar obair an MECS, forléargas a thabhairt ar fhorbairtí i gcosaint sonraí AE agus saincheisteanna comhleasa a phlé.

## Réamhsheiceáil

I Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 foráiltear go mbeidh na hoibríochtaí próiseála uile i ndáil le sonraí pearsanta, ar dhóigh dóibh a bheith ina rioscaí sonracha do chearta agus do shaoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí, faoi réir réamhsheiceáil an MECS. Cinneann an MECS ansin cibé an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an phróiseáil an Rialachán.

Bhí **réamhsheiceáil** na n-oibríochtaí próiseála rioscúla fós ina gné thábhachtach den mhaoirseacht. I 2011, fuair an MECS 164 fógra le réamhsheiceáil agus ghlac sé 71 tuairim réamhsheiceála ar nósanna imeachta caighdeánacha riaracháin, amhail meastóireacht foirne, fiosrúcháin riaracháin, nósanna imeachta araíonachta agus nósanna imeachta frithchiaptha, ach freisin ar ghníomhaíochtaí gnó croíleacáin amhail an Córas um Chosaint do Thomhaltóirí, an Córas um Bainistiú Cáilíochta agus seiceálacha cáilíochta ex-post san Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OHIM) agus an córas um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta sa Choimisiún Eorpach. Tá na tuairimí seo foilsithe ar láithreán gréasáin an MECS agus leantar dá gcur chun feidhme go córasach.

## Monatóireacht ar chomhlíonadh

Déantar monatóireacht chórasach freisin **ar chur chun feidhme an Rialacháin** ag institiúidí agus comhlachtaí trí tháscairí feidhmíochta a bhreithniú go rialta, agus baineann sé seo le hinstitiúidí agus comhlachtaí uile an AE. Sheol an MECS a thríú cleachtadh breithnithe agus rinneadh monatóireacht ar chomhlíonadh na rialacha cosanta sonraí (Suirbhé 2011) as ar tháinig tuarascáil inar tugadh chun suntais an dul chun cinn a bhí déanta ag institiúidí agus comhlachtaí maidir le cur chun feidhme an Rialacháin agus freisin inar leagadh béim ar na heasnaimh. I dteannta an chleachtaidh ghinearálta sin, rinneadh cleachtaí monatóireachta spriocdhírithe i gcásanna ar tharla sé, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí maoirseachta, go raibh cúis ag an MECS a bheith i gcás faoi leibhéal an chomhlíonta in institiúidí nó i gcomhlachtaí sonracha. Comhfhreagras leis an institiúid nó leis an gcomhlacht nó cuairt aon lae ba ea iad seo go háirithe ar an nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid, an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chórais Dhomhanda Loingseoireacht Satailíte.

Rinne an MECS cigireacht ar an láthair freisin in CEDEFOP, OLAF agus sa BCE chun fíorú gur comhlíonadh saincheisteanna sonracha.

## Gearáin

Ceann de phríomhdhualgais an MECS, mar atá sé bunaithe leis an Rialachán um Chosaint Sonraí, is ea éisteacht le gearáin agus iad a imscrúdú, mar aon le fiosrúcháin a sheoladh ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearáin.

I 2011, tháinig ardú go dtí 107 ar an líon **gearán** a fuair an MECS; cinneadh go raibh 26 ceann díobh seo inghlactha. Bhain go leor de na gearáin nach raibh inghlactha le saincheisteanna ar leibhéal náisiúnta agus níl an MECS inniúil ina leith seo. In 15 cás a réitíodh le linn 2011, chinn an MECS nárbh ann d'aon sárú ar na rialacha cosanta sonraí nó go raibh na bearta riachtanacha chun comhlíonta glactha ag an rialaitheoir. Os a choinne sin in dhá chás, cinneadh nár comhlíonadh na rialacha cosanta sonraí agus cuireadh moltaí faoi bhráid an rialaitheora.

## Comhairliúchán ar bhearta riaracháin

Rinneadh breis oibre freisin mar thoradh **ar chomhairliúcháin ar bhearta riaracháin** le hinstitiúidí agus comhlachtaí an AE i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Ardaíodh saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear pictiúir fostaithe a fhoilsiú ar an Inlíon, cé a rialaíonn nuair a bhíonn TCI á hoibriú ar áitreabh institiúide eile, agus próiseáil r-phost fostaithe.

## Treoir chothrománach

Ghlac an MECS **treoirlínte** freisin ar nósanna imeachta frithchiaptha agus ar mheastóireacht foirne agus lean sé den dul chun cinn a bhí déanta ag institiúidí agus comhlachtaí i ndiaidh fhoilsiú na dTreoirlínte Físfhaireachais.

# BEARTAS AGUS COMHAIRLIÚCHÁN

*Tugann an MECS comhairle d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna i ndáil le cosaint sonraí i raon réimsí beartais. Baineann an ról comhairliúcháin seo le tograí le haghaidh reachtaíochta nua chomh maith le tionscnaimh eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint sonraí pearsanta san AE. Is iondúil gur tuairim fhoirmiúil a bhíonn ann, ach féadfaidh an MECS treoir a sholáthar freisin i bhfoirm barúlacha nó páipéir beartais. Mar chuid den ghníomhaíocht seo déantar monatóireacht freisin ar fhorbairtí teicneolaíochta a mbíonn tionchar acu ar chosaint sonraí.*

## Mórthreochtaí

Bliain ghnóthach chomhairliúcháin ba ea 2011, agus **24 tuairim, 12 bharúil fhoirmiúla** agus **41 barúil neamhfhoirmiúla** mar thoradh uirthi. Lean an MECS ar aghaidh agus cur chuige réamhghníomhach á chur chun feidhme aige i ndáil le comhairliúchán. Bhunaigh sé an cur chuige ar fhardal de thograí reachtacha a nuashonraíodh go rialta agus a bhí le tíolacadh le haghaidh comhairliúcháin chomh maith le bheith ar fáil le haghaidh barúlacha neamhfhoirmiúla le linn céimeanna ullmhúcháin tograí reachtacha. Rug seirbhísí an Choimisiúin buntáiste ar an infhaighteacht seo maidir le barúlacha neamhfhoirmiúla, agus i 2011 ba bheag nár dhúbail siad líon na gcomhairliúchán neamhfhoirmiúil i gcomparáid le 2010.

Is fiú tagairt speisialta a dhéanamh don obair ar an gcreat dlíthiúil nuachóirithe maidir le cosaint sonraí san Eoraip atá ar bun ag an gCoimisiún. Bhí próiseas an athbhreithnithe reachtaigh á leanúint go dlúth ag an MECS, a raibh ionchur aige ann ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear tuairim ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún inar leagadh síos cur chuige cuimsitheach i leith cosanta sonraí san Eoraip i mí Eanáir agus barúlacha neamhfhoirmiúla ar dhréacht-tograí reachtacha i mí na Nollag.

Is cosúil go bhfuil éagsúlú ginearálta sna réimsí lena dteagmhaíonn saincheisteanna cosanta sonraí: seachas na tosaíochtaí traidisiúnta amhail an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (LSSC) agus aistrithe idirnáisiúnta sonraí, tá réimsí nua ag teacht chun cinn, mar is léir ón lear mór tuairimí a glacadh a bhaineann leis an margadh inmheánach. Tá rogha de na tuairimí a glacadh sna réimsí faoi seach san áireamh sna príomhphointí seo a leanas.

## Tuairimí agus príomhshaincheisteanna MECS

Maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, d'eisigh an MECS go leor tuairimí ríthábhachtacha maidir le saincheisteanna amhail an tuarascáil mheastóireachta ar an Treoir 2006/24/CE – Coimeád Sonraí agus an togra le haghaidh Taifid Ainmneacha Paisinéirí Eorpacha a phróiseáil. Ba iad na taifid ainmneacha paisinéirí ab ábhar do dhá thuairim a bhain leis na comhaontuithe maidir le haistriú sonraí den sórt sin chun na hAstráile agus SAM faoi seach. Thrácht an MECS freisin ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Córas um Sceimhlitheoirí agus a Maoiniú a Rianú (TFTS), agus cheistigh sé an gá a bheadh leis.

Maidir le **Teicneolaíocht na Faisnéise agus an Clár Oibre Digiteach,** d'fhoilsigh an MECS tuairim nuálach ar neodracht an Idirlín agus thug sé chun suntais an tionchar a bhíonn ag roinnt cleachtas monatóireachta a mbíonn soláthraithe seirbhísí idirlín ag gabháil dóibh. D'eisigh sé freisin a chéad tuairim riamh ar thionscadal taighde arna chistiú ag an AE a dhéileáil le bealaí caomhnaithe príobháideachta i gcur chun feidhme na bithmhéadrachta.

I réimse an **mhargaidh inmheánaigh,** d'eisigh an MECS tuairim, i measc tuairimí eile, ar Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI), agus é á áitiú aige go soiléireofaí feidhmiúlachtaí nua a bheidh le cur leis sa todhchaí. Eisíodh tuairimí tábhachtacha eile ar shláine agus trédhearcacht an mhargaidh Fuinnimh, agus freisin ar dhíorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála. Sna cásanna seo, bhí sé beartaithe leis na tograí cumhachtaí imscrúdaithe forleathana, ar chumhachtaí iad nár teorannaíodh go soiléir d'údaráis rialála, a dhámhachtain agus mar sin d'iarr an MECS níos mó soiléireachta.

Eisíodh go leor tuairimí ar **fhorghníomhú i gcomhthéacs trasteorann**. Thug an MECS treoir, cuir i gcás, maidir leis na

tograí le haghaidh treorach maidir leis an bhforghníomhú ar chearta maoine intleachtúla agus d'iarr sé go mbunófaí tréimhse choimeádta imréitigh chomh maith le bunús dlí an bhunachair sonraí a ghabhann leis a shoiléiriú. Maidir leis an togra le haghaidh ordú Eorpach um chaomhnú cuntas, leag sé béim ar an ngá atá leis na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a theorannú go dtí an t-íosmhéid is gá.

I dtaca le **sláinte phoiblí agus gnóthaí tomhaltóirí,** d'eisigh an MECS tuairim ar an gCóras um Chomhar i gCosaint na dTomhaltóirí, (CCCT), á áitiú ar an reachtóir na tréimhsí coimeádta a athbhreithniú agus bealaí a iniúchadh chun príobháideacht a áirithiú d'aon ghnó.

Rinne an MECS idirghabháil i réimsí eile freisin, amhail an rialachán maidir le hathchóiriú OLAF, rialachán airgeadais an AE agus úsáid na dtacagraf digiteach do thiománaithe gairmiúla.

## Cásanna cúirte

I 2011, d'idiragair an MECS i gcúig chás os comhair na Cúirte Ginearálta agus Bhinse na Seirbhíse Sibhialta.

Dhéileáil ceann de na cásanna le haistriú neamhdhleathach líomhnaithe sonraí liachta idir seirbhísí liachta na Parlaiminte agus an Coimisiún. Thug Binse na Seirbhíse Sibhialta – agus sin á dhéanamh aige den chéad uair – cuireadh chun idiragartha don MECS. Ina bhreithiúnas, chloígh an Binse le réasúnú an MECS agus dhámh sé cúiteamh airgeadais don iarratasóir.

Dhéileáil trí chás eile le rochtain ar dhoiciméid institiúidí an AE agus is féidir a thabhairt de léamh air seo gur leanadh an rialú a rinneadh i gcás *Bavarian Lager*. I ngach aon cheann de na trí chás, rinne an MECS argóint i bhfabhar tuilleadh trédhearcachta. Chloígh an Chúirt leis an réasúnú seo i gcás amháin; i gcás eile, sheas sé le cinneadh na Parlaiminte gan rochtain a dhámhachtain; tá an tríú cás, nuair atá sí seo á scríobh, ar feitheamh.

Ina theannta sin, d'idiragair an MECS in imeacht maidir le sárú i gcoinne na hOstaire ar neamhspleáchas na nÚCAanna. Ina idiragairt, d'áitigh sé nach bhfuil struchtúr na heagraíochta in oifig ÚCA na hOstaire faoi mar a fhoráiltear dó sa dlí náisiúnta, ag teacht leis an gcaighdeán neamhspleáchais arna cheangal le Treoir 95/46/CE. Nuair a bhí sí seo á scríobh, bhí an cás seo ar feitheamh freisin.

# COMHAR

*Oibríonn an MECS i gcomhar le húdaráis chosanta sonraí eile d'fhonn cosaint sonraí chomhsheasmhach a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Cuimsíonn an ról comhoibritheach seo freisin comhar le comhlachtaí maoirseachta a bunaíodh faoi "iar-thríú colún" an AE agus i gcomhthéacs chórais TF ar mhórscála.*

Is í **Meitheal Airteagal 29 um Chosaint Sonraí** atá ina príomhardán don chomhar idir údaráis chosanta sonraí san Eoraip. Glacann an MECS páirt i ngníomhaíochtaí na Meithle, ag a bhfuil ról tábhachtach i gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Treorach um Chosaint Sonraí.

D'oibrigh an MECS agus Meitheal Airteagal 29 go maith le chéile ar raon ábhar, go mór mór i gcomhthéacs na bhfoghrúpaí ar phríomhfhorálacha agus teorainneacha, taisteal agus forfheidhmiú an dlí (TTFD). Sa chéad cheann díobh, ba é an MECS *dréachtóir* na tuairime maidir leis an nóisean 'toiliú'.

De bhreis ar a chomhar le Meitheal Airteagal 29, lean an MECS dá dhlúthchomhar leis na húdaráis a bunaíodh chun **maoirseacht chomhpháirteach a dhéanamh ar na córais TF ar mhórscála de chuid an AE**.

Tá **Eurodac** ar cheann d'eilimintí tábhachtacha na ngníomhaíochtaí comhair seo. Tháinig an Grúpa Comhordaithe Maoirseachta ar Eurodac – ar a bhfuil údaráis náisiúnta chosanta sonraí agus an MECS – le chéile sa Bhruiséil i Meitheamh agus i nDeireadh Fómhair 2011. Chríochnaigh an Grúpa cigireacht chomhordaithe ar shaincheist an luathscriosta, rinne sé tuilleadh mionsaothraithe ar chreat coiteann i dtaca leis an iniúchóireacht slándála iomlán atá beartaithe agus leag sé amach sceideal do chigireacht chomhordaithe eile, a ndéanfar a torthaí a thuairisciú sa bhliain 2012. Ina theannta sin, rinne an grúpa plé neamhfhoirmiúil ar shaincheist na maoirseachta comhordaithe ar an gCóras Faisnéise Víosaí (CFV), a lainseáladh i nDeireadh Fómhair 2011.

Tá maoirseacht an **Chórais Eolais Custaim (CEC)** faoi rialú ag comhaontú dá shamhail, agus ina chomhthéacs sin thionóil an MECS dhá chruinniú de Ghrúpa Comhordaithe Maoirseachta CEC i 2011. Thug na cruinnithe na hionadaithe thar ceann na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí le chéile, chomh maith leis na hionadaithe thar ceann an Chomhúdaráis Maoirseachta Custaim agus na Rúnaíochta Cosanta Sonraí. Ag an gcruinniú i Meitheamh, ghlac an Grúpa plean gníomhaíochta inar tugadh cuntas ar na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe aige do 2011 agus 2012, agus ag an gcruinniú i mí na Nollag, chomhaontaigh sé ar a chéad dá chigireacht chomhordaithe. Soláthrófar torthaí na gcigireachtaí seo le linn 2012.

Díol suntais i gcónaí ba ea an comhar i bh**fóraim idirnáisiúnta**, go mór mór Comhdhálacha Eorpacha agus Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí um Chosaint Sonraí agus Príobháideachta. I 2011, tionóladh an Chomhdháil Eorpach sa Bhruiséil, agus ba iad Meitheal Airteagal 29 agus an MECS a bhí ina n-óstaigh. I gCathair Mheicsiceo, ghlac coimisinéirí um príobháideacht agus cosaint sonraí as gach cearn den domhan dearbhú ina raibh comhar éifeachtach i ndomhan an 'lear ollmhór sonraí' á éileamh.

# PRÍOMHCHUSPÓIRÍ DO 2012

Roghnaíodh na cuspóirí seo a leanas do 2012. Déanfar na torthaí a bhainfear amach a thuairisciú i 2013.

## Maoirseacht agus forfheidhmiú

I gcomhréir leis an bPáipéar Beartais ar Chomhlíonadh agus ar Fhorfheidhmiú a glacadh i Nollaig 2010, tá na cuspóirí seo a leanas leagtha amach ag an MECS i réimse na Maoirseachta agus an Fhorfheidhmithe.

- Múscailt feasachta

Caithfidh an MECS am agus acmhainní le treoir a sholáthar d'institiúidí agus do ghníomhaireachtaí an AE. Tá treoir riachtanach ar mhaithe le cur ar chumas Institiúidí agus gníomhaireachtaí cuntasacht sa bhreis a bhaint amach. Páipéir théamacha ar nósanna imeachta caighdeánacha riaracháin a bheidh sa treoir seo mar aon le téamaí cothrománacha amhail r-mhonatóireacht, aistrithe, agus cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí. Eagrófar oiliúint agus ceardlanna freisin do na hOCSanna/CCSanna ar iarratas ó institiúid nó gníomhaireacht shonrach nó ar thionscnamh an MECS nuair a aimseofar riachtanas. Forbrófar láithreán gréasáin an MECS le faisnéis úsáideach a sholáthar do na hOCSanna. Cuirfear an clár poiblí d'fhógraí réamhsheiceála i riocht is go mbeidh sé inrochtana freisin de réir rangú coiteann ábhair.

- Réamhsheiceáil

Tá an MECS fós ag fáil fógraí *ex-post* a bhaineann le nósanna imeachta caighdeánacha riaracháin nó le hoibríochtaí próiseála atá ag feidhmiú cheana féin. Gníomhófar in 2012 chun nósanna imeachta iomchuí a shainiú maidir le fógraí den sórt a láimhseáil agus chun áirithiú nach gceadófar fógraí lena seiceáil *ex-post* seachas in imthosca eisceachtúla agus cóir. Gné ríthábhachtach den straitéis forfheidhmithe atá ag an MECS is ea go leantar de na moltaí a dhéantar sna tuairimí réamhsheiceála. Leanfaidh an MECS air agus béim láidir á leagan aige ar chur chun feidhme na moltaí sna tuairimí réamhsheiceála agus cinnteoidh sé go leanfar de go leormhaith.

- Cleachtaí breithnithe ginearálta

I 2011, sheol an MECS cleachtadh breithnithe ginearálta inar sholáthair sé táscairí den chomhlíonadh ag institiúidí agus comhlachtaí ar a raibh oibleagáidí áirithe (m.sh. OCS a cheapadh, rialacha cur chun feidhme a ghlacadh, an leibhéal d⌧fhógraí Airteagal 25, an leibhéal d⌧fhógraí Airteagal 27). Sa tuarascáil a d'eisigh an MECS tugadh chun suntais an dul chun cinn a bhí déanta i gcur chun feidhme an Rialacháin, ach leagadh béim freisin ar na heasnaimh. Comhlánófar suirbhé na bliana 2011 le cleachtadh sonrach ar Stádas an OCS a chuirfear isteach ann i 2012: tá sé beartaithe leis an gcleachtadh seo freisin tacú le feidhm an OCS i gcomhréir le prionsabal na cuntasachta. Ina theannta sin, sa bhliain 2012 seolfaidh an MECS suirbhé go sonrach don Choimisiún, lena mbeidh sé d⌧aidhm faisnéis a bhailiú go díreach ó Ard-Stiúrthóireachtaí éagsúla an Choimisiúin.

- Cuairteanna

Ar bhonn na dtáscairí a d'eascair as suirbhé 2011, tá institiúidí agus gníomhaireachtaí roghnaithe ag an MECS le cuairteanna a thabhairt orthu (tá 6 chuairt beartaithe). Is í an easpa dhealraitheach gealltanais nó cumarsáide ón mbainistíocht, nó an institiúid nó an ghníomhaireacht a bheith faoin tagarmharc a leagadh síos do ghrúpa piaraí a spreagann na cuairteanna seo.

- Cigireachtaí

Uirlis ríthábhachtach is ea na cigireachtaí a chuireann ar chumas an MECS monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin agus é sin a áirithiú: tá ardú i líon na gcigireachtaí ríthábhachtach ní hé amháin mar uirlis fhorghníomhaithe, ach freisin mar uirlis chun feasacht a mhúscailt i dtaobh saincheisteanna cosanta sonraí agus an MECS. Déanfar níos mó cigireachtaí in 2012 toisc go dtosófar ar chigireachtaí níos éadroime ach níos spriocdhírithe i dteannta na gcigireachtaí lánscála. Déanann roinnt de na hinstitiúidí nó de na comhlachtaí sonraí pearsanta a phróiseáil ina ngníomhaíochtaí gnó croíleacáin agus is príomheilimint, dá bhrí sin, í an chosaint sonraí. Aithneofar na comhlachtaí seo mar chomhlachtaí a mbeidh monatóireacht spriocdhírithe (ar pháipéar) nó cigireachtaí le déanamh orthu. I 2012, tá sé beartaithe freisin cigireachtaí ginearálta a dhéanamh ar chórais TF ar mhórscála. Roghnaítear iad seo ar bhonn oibleagáidí dlíthiúla. Seolfar cigireachtaí téamacha i réimsí inar thug an MECS treoir agus ar mhian leis an scéal mar atá a fhiosrú (m.sh. TCI).

## Beartas agus comhairliúchán

Leagtar amach príomhchuspóirí an MECS dá ról comhairleach san fhardal agus sa mheabhrán a ghabhann leis faoi mar atá foilsithe ar an láithreán gréasáin. Tá de dhúshlán roimh an MECS an ról atá aige sa nós imeachta reachtach, ar

ról é atá ag fairsingiú de shíor, a chomhlíonadh, rannchuidithe d'ardchaighdeán a bheith ann a mbeadh fáilte mhór rompu, agus sin a chur i gcrích le hacmhainní teoranta. Ina fhianaise seo, tá saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo aitheanta ag an MECS agus is orthu a bhunóidh sé a obair chomhairliúcháin don bhliain 2012, ach ag an am céanna ní ligfidh sé faillí i dtábhacht nósanna imeachta reachtacha eile chomh fada is a bhaineann sé le cosaint sonraí de.

- I dtreo creata dhlíthiúil nua maidir le cosaint sonraí

Tabharfaidh an MECS tosaíocht don obair ar chreat dlíthiúil nua maidir le cosaint sonraí san AE. Eiseoidh sé tuairim ar na tograí reachtacha le haghaidh an chreata agus rannchuideoidh sé sna díospóireachtaí sna chéad chéimeanna eile den nós imeachta reachtach más gá agus más iomchuí.

- Forbairtí teicneolaíochta agus an Clár Oibre Digiteach, cearta MI agus an tIdirlíon

Réimse eile fócais don MECS i 2012 iad na forbairtí teicneolaíochta, go mór mór iad siúd a bhfuil baint acu leis an Idirlíon agus na freagairtí beartais gaolmhara. Áirítear leis na hábhair na pleananna do chreat Pan-Eorpach maidir le sainaithint leictreonach, fíordheimhniúchán agus síniú, saincheist mhonatóireacht an Idirlín (e.g. forghníomhú chearta MI, nósanna imeachta bainte), seirbhísí néalríomhaireachta agus r-Shláinte. Cuirfidh an MECS lena shaineolas teicneolaíochta freisin agus beidh sé páirteach i dtaighde ar theicneolaíochtaí feabhsaithe príobháideachta.

- Tuilleadh forbartha sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais

Beidh an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (AFSJ) fós ar cheann de na príomhréimsí beartais a mbeidh ar an MECS aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear Córas um Sceimhlitheoirí agus a Maoiniú a Rianú (TFTS) an AE agus teorainneacha cliste leis na tograí ábhartha atá amach roimhe. Ina theannta sin, leanfaidh an MECS air ag teacht i ndiaidh an athbhreithnithe ar an treoir um choimeád sonraí. Déanfaidh sé dlúthmhonatóireacht freisin ar chaibidlíocht le tríú tíortha i ndáil le comhaontuithe cosanta sonraí.

- Athchóiriú na hearnála airgeadais

Leanfaidh an MECS air ag teacht i ndiaidh agus ag iniúchadh tograí nua le haghaidh margaí agus gníomhaithe airgeadais a rialú agus a mhaoirsiú, a mhéid a dhéanann siad difear do chosaint príobháideachta agus sonraí.

- Tionscnaimh eile

Leanfaidh an MECS freisin tograí i réimsí beartais eile a mbíonn tionchar suntasach acu ar chosaint sonraí. Beidh sé ar fáil fós le haghaidh comhairliúchán foirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar thograí a dhéanann difear don cheart chun príobháideachta agus do chosaint sonraí.

# Comhar

Leanfaidh an MECS ar aghaidh ag comhlíonadh a fhreagrachtaí i réimse na maoirseachta comhordaithe. Ina theannta sin, rachaidh sé i gcabhair ar údaráis náisiúnta chosanta sonraí mar aon le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

- Maoirseacht chomhordaithe

Déanfaidh an MECS a chion sa mhaoirseacht chomhordaithe ar Eurodac, ar an gCóras Eolais Custaim agus ar an gCóras Faisnéise Víosaí (CFV). Níl an mhaoirseacht chomhordaithe ar an CFV, a seoladh i nDeireadh Fómhair 2011, ach fós ina tús. Tar éis an phlé neamhfhoirmiúil sna cruinnithe creata ar chomhordú mhaoirseacht Eurodac, is í an sprioc atá ann don bhliain 2012 maoirseacht a bhunú de réir a chéile sa réimse seo. Nuair a sheolfar SIS, beidh sé sin freisin faoi réir maoirseachta comhordaithe; de réir an sceidil, tá sé le lainseáil i 2013 agus leanfar na hullmhúcháin go dlúth. Déanfaidh an MECS cigireachtaí freisin ar láraonaid na gcóras seo más gá nó má cheanglaítear le dlí é.

- Comhar le húdaráis chosanta sonraí

Leanfaidh an MECS ar aghaidh, mar a rinne sé roimhe, agus beidh sé ag cur go gníomhach le gníomhaíochtaí agus rath Mheitheal Airteagal 29 um Chosaint Sonraí, cinnteoidh sé go mbeidh an chomhsheasmhacht agus na sineirgí idir an Mheitheal agus seasaimh an MECS i gcomhréir leis na tosaíochtaí faoi seach agus déanfaidh sé gaol inchiallaithe a chothabháil leis na húdaráis náisiúnta chosanta sonraí. Ina cháil do mar *dhréachtóir* ar roinnt sainchomhad sonrach, is é a stiúrfaidh agus a ullmhóidh glacadh tuairimí Mheitheal Airteagal 29.

- Cosaint sonraí in eagraíochtaí idirnáisiúnta

De ghnáth ní bhíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta faoi réir ag reachtaíocht cosanta sonraí ina dtíortha aíochta; níl rialacha cuí i bhfeidhm acu go léir, áfach, maidir le sonraí a chosaint. Rachaidh an MECS i gcabhair ar eagraíochtaí idirnáisiúnta trí cheardlann a bheidh dírithe ar mhúscailt feasachta agus ar leathadh dea-chleachtas a eagrú.

# Réimsí eile

- Faisnéis agus cumarsáid

Leanfar den fhorbairt agus den fheabhsú ar ghníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide agus preasa agus díreofar go mór mór ar mhúscailt feasachta, ar fhoilseacháin agus ar fhaisnéis ar líne. Tosóidh an MECS freisin ag cur athbhreithniú a Straitéise Faisnéise agus Cumarsáide chun feidhme, tar éis an chomhairliúcháin lena phríomhpháirtithe leasmhara. Tá sé beartaithe cuid de pháirteanna tábhachtacha láithreán gréasáin an MECS a atheagrú ionas go mbeidh an láithreán gréasáin níos áisiúla agus go mbeifear ábalta an fhaisnéis atá ar fáil a chuardach agus a nascleanúint.

- Eagrú inmheánach

Leanfar ar aghaidh le hathbhreithniú straitéiseach ar an MECS i gcaitheamh na bliana 2012, agus beidh comhairliúchán seachtrach ann le páirtithe leasmhara trí mheán suirbhéanna ar líne, agallamh, grúpaí fócais agus ceardlann. Ba as torthaí láithreacha an athbhreithnithe a seoladh i 2011 a d'eascair na cinntí cur chuige níos straitéisí a fhorbairt i ndáil le gníomhaíochtaí maoirseachta agus comhairliúcháin agus earnáil nua i mbeartas TF a bhunú in 2012. A thúisce is a bheidh an t-athbhreithniú críochnaithe agus anailís déanta ar na torthaí, cuirfidh an MECS bailchríoch ar a straitéis meántéarma agus dréachtóidh sé na huirlisí tomhais feidhmíochta (PTF) atá riachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar phríomheilimintí na straitéise sin.

- Bainistíocht acmhainne

Beifear ag leanúint ar aghaidh leis an obair sa bhliain 2012 chun Córas Bainistíochta Cáis saincheaptha a fhorbairt san MECS.

Déanfar tuilleadh forbartha freisin ar fheidhmchláir TF i réimse na n-acmhainní daonna ar bhonn Comhaontuithe Seirbhíse, go mór mór nuair a chuirfear Sysper II a chríochnófar i 2012 chun feidhme, agus nuair a thabharfar isteach MIPS.

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

**Tuarascáil Bhliantúil 2011 — Achoimre Feidhmiúcháin**

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2012 — 12 lgh. — 21 x 29,7 cm

ISBN 978-92-95076-46-4
doi:10.2804/41581

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://ec.europa.eu) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:**

- ón ár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

AN MAOIRSEOIR EORPACH
AR CHOSAINT SONRAÍ

*MECS – An caomhnóir Eorpach um chosaint sonraí pearsanta*

**www.edps.europa.eu**

QT-AB-12-001-GA-N

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-95076-46-4